Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9694/21**

**CLIMA 143**
**ENV 420**
**SAN 393**
**AGRI 272**
**FORETS 34**
**ENER 272**
**TRANS 389**
**ECOFIN 590**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 10 Meitheamh 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9419/21 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6521/21 - COM(2021) 82 final |
| Ábhar: | Eoraip aeráid-díonach a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide<br>– Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3800ú cruinniú dá cuid, an 10 Meitheamh 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Eoraip aeráid-díonach a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid seo a leanas:

- Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach[1]
- An straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc'[2]
- Peirspictíochtaí i dtaobh bheartais an Aontais a bhaineann le foraoisí agus le straitéis foraoise an Aontais tar éis 2020[3]
- An taidhleoireacht aeráide agus fuinnimh – dul chun cinn a dhéanamh maidir le gné sheachtrach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[4];

Á AITHINT DI go bhfuil dlúthnasc idir cailliúint na bithéagsúlachta agus an t-athrú aeráide, mar aon lena gcuid dtionchar agus réiteach faoi seach;

Á AITHINT DI go bhfuil teagmhais adhaimsire fhoircneacha a bhaineann leis an athrú aeráide ag tarlú níos minice agus ag éirí níos déine agus níos leanúnaí, agus go bhfuil méadú ag teacht ar na limistéir a mbíonn tionchar ag feiniméin a thagann chun cinn go mall, rud a chuireann leis an mbaol go mbeidh caillteanais shuntasacha ann i dtaca le daoine, ábhair agus an dúlra;

[1] 12210/20.
[2] 12099/20.
[3] 12695/1/20 REV 1.
[4] 5263/21.

Á AITHINT DI a phráinní agus atá sé go ndéanfadh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit chomh maith le tíortha eile a n-acmhainneacht oiriúnaitheach a fheabhsú, athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú, mar phríomhghné den fhreagairt fhadtéarmach dhomhanda ar an athrú aeráide; Á THABHAIRT DÁ hAIRE cost-éifeachtúlacht fhoriomlán na gníomhaíochta oiriúnúcháin, go háirithe trí réitigh dhúlra-bhunaithe lena ngabhann coimircí a úsáid, agus na buntáistí breise inláimhsithe don dúlra, don tsochaí agus don gheilleagar is féidir a bheith mar thoradh má éiríonn leis an oiriúnú don athrú aeráide;

Á AITHINT DI go bhfuil iarrachtaí oiriúnúcháin, mar aon le hiarrachtaí an t-athrú aeráide a mhaolú, ríthábhachtach chun a áirithiú go mbeidh sochaithe agus éiceachórais athléimneach i dtaca leis na rioscaí aeráide atá ann cheana agus na cinn a réamh-mheastar a bheidh ann amach anseo; Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur gá a áirithiú go bhfuil gach tionscnamh gaolmhar faoin gComhaontú Glas don Eoraip ag tacú le chéile;

Á ADMHÁIL DI go bhfuil Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 ar phríomhthionscnaimh an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, straitéis arb é is aidhm di geilleagar an Aontais a dhéanamh inbhuanaithe agus aeráidneodrach faoi 2050, an bhithéagsúlacht a chosaint, a athbhunú agus a úsáid go hinbhuanaithe, folláine agus sláinte na saoránach a fheabhsú, chomh maith le hinbhuaine, ciorclaíocht agus cuimsitheacht gheilleagair an Aontais a áirithiú;

IS FADA LÉI go nglacfar an Dlí Aeráide Eorpach lena gceanglófar go n-áiritheoidh institiúidí ábhartha an Aontais agus na Ballstáit dul chun cinn leanúnach maidir le feabhas a chur ar an acmhainneacht oiriúnaitheach, athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 7 de Chomhaontú Pháras;

Á AITHINT DI an obair a rinne an tAontas agus na Ballstáit cheana féin, lena n-áirítear de thairbhe Straitéis 2013 an Aontais maidir le hOiriúnú; Á CHUR I dTREIS go bhfuil straitéis agus/nó plean náisiúnta oiriúnúcháin glactha ag na Ballstáit uile;

Á AITHINT DI cineál náisiúnta agus riachtanais an oiriúnaithe don athrú aeráide, toisc go mbraitheann iarmhairtí an athraithe aeráide ar dhálaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla;

Á AITHINT DI freagracht na mBallstát i ndearadh na bhfreagairtí beartais ar an athrú aeráide agus ar riosca aeráide, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le freagairtí an Aontais a fhorbairt i ndáil le dúshláin chomhchoiteanna agus idirnáisiúnta maidir le hoiriúnú; Á CHUR I dTÁBHACHT DI gur gá don Aontas tacú le gníomhaíocht na mBallstát chun a gcuid saoránach a chosaint, agus an ghníomhaíocht sin a chomhlánú freisin;

Á AITHINT DI gur gá, le beartas agus gníomhaíocht maidir le hoiriúnú, gné shóisialta an athraithe aeráide a chur san áireamh, lena n-áirítear a thábhachtaí atá sé gné na hinscne a chomhtháthú, athléimneacht chóir a áirithiú agus aird ar leith a thabhairt ar na grúpaí is leochailí a ndéanann guaiseacha aeráide difear díréireach dóibh.

**Aontas aeráid-díonach a chruthú**

1. IS DÍOL MÓR SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip aeráid-díonach a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide] ('an Straitéis'); ADMHAÍONN SÍ gur príomhthionscnamh de chuid an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip é an Straitéis chun an t-aistriú glas agus chun fás inbhuanaithe a bhaint amach; FORMHUINÍONN SÍ an fhís fhadtéarmach atá ag an Straitéis go mbeidh Aontas aeráid-díonach ann faoi 2050 a bheidh in oiriúint go hiomlán do dhrochthionchair an athraithe aeráide nach féidir a sheachaint;

2. MEASANN SÍ nach mór an téarnamh eacnamaíoch ón bpaindéim a bheith bunaithe ar réitigh éifeachtúla, éifeachtacha agus inbhuanaithe lena ndírítear ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, go háirithe ar réitigh dhúlra-bhunaithe[5] lena n-áirítear ar oiriúnú bunaithe ar éiceachórais, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide a chothú, cosaint na bithéagsúlacht a fheabhsú agus a chur chun cinn, cur leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus an tslándáil bia a áirithiú; ADMHAÍONN SÍ go dteastaíonn coimircí láidre comhshaoil agus sóisialta ó réitigh dhúlra-bhunaithe chun na réitigh is fearr is féidir a bhaint amach maidir le maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú don athrú aeráide agus cothú na bithéagsúlachta;

**Oiriúnú níos cliste**

3. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar bhainistiú rioscaí aeráide agus tubaiste chomh maith le córais réamhrabhaidh chun caillteanais ábhartha, nádúrtha agus daonna a sheachaint agus a íoslaghdú, costais eacnamaíocha agus shochaíocha a laghdú, sláinte agus folláine na saoránach a fheabhsú agus athléimneacht agus seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais a fheabhsú; sa chomhthéacs sin CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá le sonraí níos inchomparáide agus níos fearr a mhalartú agus a fháil chun rioscaí aeráide a mheasúnú agus le húsáid níos fearr a bhaint as sonraí, faisnéise agus ardáin atá ann cheana chun tionchair ilghnéitheacha a d’fhéadfadh a bheith ag guaiseacha a bhaineann leis an aeráid a shainaithint;

---

[5] Féach, mar shampla https://ec.europa.eu/info/research-and-innovation/research-area/environment/nature-based-solutions_en : “Réitigh atá dúlra-bhunaithe agus a fhaigheann tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a chuireann tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha ar fáil ag an am céanna, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú”, faoi mar a thagraítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach.

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé an oidhreacht chultúrtha a chur in oiriúint do thubaistí nádúrtha agus d'éifeachtaí an athraithe aeráide a thagann chun cinn go mall, agus luachanna na hoidhreachta sin á gcoinneáil ag an am céanna; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé sa chomhthéacs sin saineolas san ailtireacht, sa dearadh agus san oidhreacht chultúrtha a chomhtháthú agus a úsáid; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart cur chuige comhtháite a lorg maidir le bainistiú riosca tubaistí sa timpeallacht thógtha, lena n-áirítear an oidhreacht thógtha agus tírdhreacha cultúrtha, trí ghníomhaíochtaí sonracha amhail bainistiú riosca tubaiste pobalbhunaithe, ceisteanna a bhaineann le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chomhtháthú sna critéir maidir le foirgnimh agus bonneagar criticiúil a thógáil agus a athchóiriú agus oidhreacht chultúrtha, ullmhacht i gcomhair tubaistí agus práinnfhreagairt, córais réamhrabhaidh, tacaíocht don bhonneagar, measúnuithe riosca ilghuaiseacha, athlonnú atá beartaithe agus slite beatha athléimneacha á gcoimirciú, lena neartófar a ullmhacht do thubaistí, agus athléimneacht na lonnaíochtaí agus na bpobal Eorpach a fheabhsú ag an am céanna;

5. TACAÍONN SÍ leis an rún atá ag an gCoimisiún forbairt agus úsáid teicneolaíochta digiteacha a neartú le haghaidh bailiú sonraí, léiriú sonraí agus cásanna aeráide chun bonn a chur faoin gcinnteoireacht, lena n-áirítear malartú saineolais, dea-chleachtas agus réitigh, agus sineirgí á n-úsáid agus dúbailt iarrachtaí agus struchtúr á seachaint; Maidir leis an méid sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé Copernicus a fhorbairt a thuilleadh chun tionchair an athraithe aeráide a mheas, lena n-áirítear sonraí ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, i gcás sineirgí agus riachtanais shoiléire, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI maidir leis an méid sin seoladh an Lárionaid Eolais um Fhaire na Cruinne; MOLANN SÍ don Choimisiún forbairtí agus sonraíochtaí náisiúnta a chur san áireamh;

6. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról atá ag an ardán Climate-ADAPT agus IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún a chumais a nuashonrú agus a leathnú a thuilleadh, i gcomhairle leis na Ballstáit, lena n-áirítear an ról atá aige maidir le faireachán agus meastóireacht an oiriúnaithe a fheabhsú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an t-ardán Climate-ADAPT a nascadh ar bhealach níos fearr leis na hardáin náisiúnta, agus tacú leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, chun agus rochtain á fáil acu ar shonraí maidir le riosca aeráide agus teicneolaíochtaí i ndáil le heolas maidir le hoiriúnú; MOLANN SÍ don Choimisiún na huirlisí gaolmhara sin a chur ar fáil de réir a chéile i dteangacha oifigiúla uile an Aontais;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbíonn tionchar suntasach ag an athrú aeráide agus na hathruithe geografacha i ndáileadh pataigíní dá bharr, chomh maith le heachtraí adhaimsire amhail tonnta teasa, tuilte agus stoirmeacha, ar an tsláinte agus ar chaighdeán na beatha; dá bhrí sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI bunú na Faireachlainne Eorpaí aeráide agus sláinte; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le freagrachtaí agus cuspóirí na faireachlainne sláinte a shainiú a thuilleadh, maidir le hinstitiúidí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo freisin, agus AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin;

**Oiriúnú níos sistéamaí**

8. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá le nádúr sistéamach an oiriúnaithe a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar phríomhshruthú an oiriúnaithe sa reachtaíocht agus sna beartais ábhartha uile ar bhealach comhleanúnach agus comhsheasmhach ar gach leibhéal ábhartha, lena n-áirítear trí chumarsáid agus comhordú trasearnálach feabhsaithe, agus trí phróisis, ionstraimí agus bearta atá ann cheana a úsáid chun an athléimneacht a neartú; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór gach straitéis agus plean maidir le hoiriúnú ar gach leibhéal a bheith bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil, agus prionsabal an réamhchúraim á urramú ag an am céanna; IS DÍOL SÁSAIMH DI na prionsabail beartaithe maidir le comhleanúnachas beartais: go n-áiritheofar go gcuirfear tionchair an athraithe aeráide agus na rioscaí lena mbaineann san áireamh sa rialáil agus sa chistiú ionas nach gcruthófar neamhchosaint nua; an riosca atá ann cheana a laghdú trí athléimneacht, cosaint agus ullmhacht a neartú agus riosca iarmharach a bhainistiú;

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a ábhartha atá an próiseas faireacháin agus meastóireachta chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar fheidhmíocht na mbeartas agus na mbeart oiriúnaithe; thairis sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh treorach a fhorbairt, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, maidir le faireachán agus meastóireacht ar oiriúnú, lena n-áirítear trí chreat comhchuibhithe caighdeán agus táscairí a úsáid lena léirítear na sainiúlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a d'fhéadfaí a chomhtháthú i gcórais faisnéise geografaí a thacaíonn le measúnuithe leochaileachta ar an leibhéal críochach; agus treoir a thabhairt, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, lena leagtar amach prionsabail agus cleachtais choiteanna maidir le rioscaí aeráide fisiciúla ábhartha a shainaithint, a aicmiú agus a bhainistiú go stuama nuair a bheidh tionscadail á bpleanáil, á bhforbairt, á gcur i bhfeidhm agus faireachán á dhéanamh orthu, trí mheasúnuithe riosca agus leochaileachta aeráide bunaithe ar chaighdeáin agus modhanna ábhartha de chuid ISO agus Eorpacha atá in úsáid cheana féin ag na Ballstáit; ina theannta sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le dúbailt na gceanglas maidir le bailiú sonraí, faireachán agus meastóireacht a chosc agus sineirgí a chur chun cinn leis na próisis agus leis na hoibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus bheith ag tógáil ar thaithí agus ar chleachtas náisiúnta ag an am céanna;

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a ábhartha atá sé uirlisí breise a fhorbairt chun cásanna aeráide agus tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann a chomhtháthú i mbeartais eacnamaíocha agus airgeadais chun an athléimneacht mhacraifhioscach a fheabhsú agus chun a áirithiú go mbeidh creataí airgeadais agus fioscacha ann atá aeráid-díonach agus inbhuanaithe; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh mionsaothraithe a dhéanamh agus féachaint, i gcomhairle leis na Ballstáit, ar bhealaí chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí a bhaineann leis an aeráid ar an airgeadas poiblí a thomhas agus a bhainistiú, agus dúbailt na gceanglas maidir le bailiú sonraí, faireachán agus meastóireacht á cosc ag an am céanna agus cruthú ualaí breise riaracháin á sheachaint ag an am céanna;

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún féachaint ar bhealaí chun comhar idir an leibhéal áitiúil, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal náisiúnta a éascú agus a chothú a thuilleadh ina gcuid oibre oiriúnaithe faoi seach; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé an athléimneacht áitiúil agus réigiúnach a mhéadú, ról na riarachán áitiúil agus réigiúnach mar phríomhspreagthóirí don oiriúnú agus gur gá tacú leo dá réir sin ar leibhéal an Aontais agus prionsabal na coimhdeachta á chur san áireamh ag an am céanna; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil cur chun feidhme na mbeart agus na réiteach maidir le hoiriúnú don athrú aeráide ag brath cuid mhór ar dhálaí áitiúla agus réigiúnacha, lena n-áirítear réitigh dhúlrabhunaithe a chur chun feidhme, lena bhféadfar aghaidh a thabhairt go héifeachtach agus go héifeachtúil ar leochaileachtaí sonracha aeráide, agus leochaileachtaí comhshaoil eile chomh maith le hinfhaighteacht fionnuisce ó cheann ceann na bliana á gcur san áireamh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún eolas, oideachas agus faisnéis chomhlántach a chur ar fáil maidir le dea-chleachtais agus réitigh d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, atá ríthábhachtach chun gníomhaíocht áitiúil agus infheistíocht a chur chun cinn san oiriúnú, i gcomhairle leis na Ballstáit, ag tógáil ar an treoir agus ar an eolas atá ann cheana lena gcuirtear san áireamh sainiúlachtaí náisiúnta;

12. MEABHRAÍTEAR DI gur gá saoránaigh a thabhairt isteach agus a chumhachtú a thuilleadh chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht maidir le hoiriúnú agus chun ceannaireacht na n-údarás agus na bpobal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a áirithiú i gceapadh agus i gcur chun feidhme na mbeart oiriúnúcháin chun gnóthú na hathléimneachta a chur chun cinn ar bhealach cóir agus cothrom; IS DÍOL SÁSAIMH DI i ndáil leis an méid sin an Comhshocrú Aeráide Eorpach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé breithniú a dhéanamh ar bhreithnithe an cheartais shóisialta agus ar na héifeachtaí dáileacháin a bhaineann le tionchair an athraithe aeráide agus a thábhachtaí atá sé a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár; IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun straitéisí agus beartais fhadtéarmacha maidir le héagsúlú eacnamaíoch a chur chun cinn lena gcuirtear ar chumas oibrithe athcháiliú agus bogadh i dtreo earnálacha fáis glasa, agus ag an am céanna lucht saothair leordhóthanach, ardoilte a áirithiú; IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an tacaíocht a thugtar d'oideachas agus oiliúint d'fhonn oibrithe a athsciliú agus uas-sciliú chun athléimneacht a bheidh cóir cothrom a bhaint amach;

**Oiriúnú níos tapúla**

13. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil sé ríthábhachtach maoiniú leordhóthanach a áirithiú chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht oiriúnúcháin; I ndáil leis an méid sin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an sprioc mhéadaithe chaiteachais, a méadaíodh go 30 % ar a laghad maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide, lena n-áirítear oiriúnú, sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil do 2021-2027, agus go 37 % ar a laghad faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta; TÁ SÍ FÓS GO hIOMLÁN TIOMANTA oibriú i dtreo na huaillmhéine na spriocanna 7,5 % in 2024 agus 10 % in 2026 agus in 2027 a bhaint amach maidir leis an gcaiteachas bliantúil ar an mbithéagsúlacht faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, agus an forluí atá ann idir spriocanna aeráide agus spriocanna bithéagsúlachta á mbreithniú aici ag an am céanna; thairis sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI Treochlár Bhanc Aeráide Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) do 2021-25 agus a uaillmhian fheabhsaithe maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, agus tá sí ag tnúth le plean oiriúnúcháin BEI atá ar na bacáin;

14. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá do na hearnálacha príobháideacha agus poiblí oibriú le chéile ar bhealach níos dlúithe, go háirithe maidir le hoiriúnú a mhaoiniú; ADMHAÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag an earnáil phríobháideach maidir leis an teicneolaíocht agus na réitigh is gá a chur ar fáil agus maidir leis an gcaipiteal is gá a shlógadh agus a ghiaráil; AITHNÍONN SÍ i ndáil leis an méid sin a ábhartha atá tacsanomaíocht an Aontais chun gníomhaíochtaí inbhuanaithe a shainaithint agus a fhorbairt le haghaidh an oiriúnaithe don athrú aeráide, agus urraim á tabhairt don phrionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ de réir bhrí Rialachán AE maidir le Tacsanomaíocht[6] agus mí-oiriúnú a sheachaint; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún samplaí de dhea-chleachtais agus de réitigh a chur ar fáil i gcomhthéacs mhaoiniú na mbeart oiriúnúcháin san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon;

[6] Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088.

15. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le tuiscint níos fearr a bheith againn ar neamhchosaint infheistíochtaí príobháideacha ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid; sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI teacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe[7] agus foilsiú an togra ón gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais, agus TÁ SÍ AG TNÚTH leis an Straitéis Airgeadais Inbhuanaithe Athnuaite atá ar na bacáin;

16. ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá taighde agus nuálaíocht ó thaobh tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar an athraithe aeráide agus réitigh oiriúnúcháin a fhorbairt; IS DÍOL SÁSAIMH DI an ról atá á bheartú ag Misean Fís Eorpach maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide, lena n-áirítear an Claochlú Sochaíoch, chomh maith le misin eile atá ábhartha don oiriúnú, lena n-áirítear maidir leis an méid a leanas: sláinte na hithreach bia, cathracha aeráidneodracha cliste, aigéin, farraigí, uiscí cósta agus uiscí intíre sláintiúla, i leathadh na réiteach a bhfuil sé d'aidhm acu ullmhacht aeráide na hEorpa a fheabhsú, dlús a chur le gníomhaíochtaí oiriúnúcháin agus an claochlú sochaíoch i dtreo athléimneacht aeráide a dhoimhniú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le gach éiceachóras ríthábhachtach a chur san áireamh i gcur chun feidhme na misean de chuid Fís Eorpach is ábhartha don oiriúnú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit díriú ar na scéimeanna píolótacha rathúla a uas-scálú agus ar bhearta a chur chun feidhme agus a áirithiú go tabharfaidh aghaidh freisin, leis an eolaíocht a fhaigheann cistiú ón Aontas, ar riachtanais shonracha ar an scála réigiúnach agus áitiúil;

---

7 Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais, IO L 317, 9.12.2019, lch. 1.

17. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an nasc idir an aeráid agus an t-uisce ós rud é go bhfuil gaol idir an córas hidreolaíoch agus an-chuid guaiseacha a bhaineann leis an athrú aeráide (ardú ar leibhéal na farraige, dianbháistí, tuilte, ganntanas uisce agus triomaigh, leá oighearshruthanna, athruithe ar chlúdach sneachta agus ar dhálaí muiroighir); CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS na dúshláin a bhaineann leis an riosca méadaithe i gcásanna nach bhfuil dóthain uisce ann nó, os a choinne sin, an iomarca uisce, go háirithe triomaigh throma agus na hathruithe ar infhaighteacht uisce úir mar gheall, *inter alia*, ar athruithe sa chóras frasaíochta ó thaobh cainníochta, cáilíochta agus dáileacháin de i rith na bliana; thairis sin, CUIREANN SÍ I dTREIS GO LÁIDIR go gcuirfidh ardú teochtaí le fadhb an ghanntanais uisce, go háirithe i limistéir thura nó bhreacthura, agus, dá bhrí sin, go méadófar an galú agus go mbeidh níos mó uisce de dhíth i dtimpeallachtaí éagsúla, lena n-áirítear timpeallachtaí uirbeacha agus talmhaíochta agus DEARBHAÍONN SÍ an ról bunriachtanach atá san athléimneacht fhoriomlán haeráide ag bainistiú inbhuanaithe uisce agus ag éiceachórais fholláine a bhaineann le huisce; TACAÍONN SÍ le Bainistiú Comhtháite Acmhainní Uisce a chur chun cinn ar bhonn leanúnach agus le rialachas éifeachtach inbhuanaithe comhtháite uisce, agus na hearnálacha uile a bheith páirteach ann, lena gcothaítear cuir chuige comhoibríocha maidir le dúshláin trasteorann an uisce;

18. IARRANN SÍ GO nDÉANFAÍ bainistiú comhtháite trasearnála agus trasteorann agus ar uisce lena rannchuideofar le hathléimneacht a mhéadú, le húsáid inbhuanaithe uisce a chur chun cinn, le héiceachórais uisceacha a chosaint agus a chaomhnú agus le feabhas a chur ar straitéisí bainistithe maidir le riosca i gcás tuilte, ganntanas uisce agus triomaigh, lena n-ionchorpraítear an riosca go dtarlóidh tuilte agus triomaigh amach anseo agus lena n-eagrófar malartú tráthúil iontaofa sonraí agus réamhrabhaidh;

19. Maidir le réitigh dhúlra-bhunaithe, lena n-áirítear bainistiú, athchóiriú, agus caomhnú inbhuanaithe na n-éiceachóras agus a gcuid seirbhísí, réitigh a chuireann feabhas ar an mbithéagsúlacht nó a choinníonn ar bun í agus a chuireann le líon na gceantar ina bhfuil gnáthóga nádúrtha, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-oireann na réitigh seo go rímhaith do bhearta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide in éineacht le cuir chuige tuaithe eile agus cuir chuige uirbeacha eile, lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus réitigh spárála uisce a chur chun cinn sa talmhaíocht, amhail aistriú chuig barra nach bhfuil chomh dian céanna ar uisce, chomh maith le cathracha a ghlasú agus athúsáid uisce sa tionsclaíocht, sa talmhaíocht agus, i gcomhthéacs na pleanála uirbí, i dtithe agus i bhfoirgnimh, a chur chun cinn; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról tábhachtach a bhíonn acu maidir leis an athléimneacht aeráide i dtaca le tionchair uisce a fheabhsú, rud atá ríthábhachtach chun uisce, aigéin, ithreacha, bogaigh agus portaigh shláintiúla a chothú agus gur féidir leo cur le soláthar uisce úr glan agus an baol go mbeadh tuillte agus triomaigh ann a laghdú; Thairis sin, AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé bearta oiriúnúcháin a chomhtháthú a thuilleadh i mbainistiú inbhuanaithe na bhforaoisí, mar shampla de réitigh dhúlra-bhunaithe, agus béim á leagan ar ról ilfheidhmeach na bhforaoisí, go háirithe maidir le haeráidí áitiúla a chobhsú agus a fhuarú, timthriallta hidreolaíocha a rialú agus rannchuidiú leis an timthriall charbóin ar bhealach dearfach;

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá seirbhísí éiceachórais a luachshocrú a thuilleadh mar chuid de chur chuige dúlra-bhunaithe i leith an oiriúnaithe don aeráid, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an talmhaíocht inbhuanaithe, le hathléimneacht na bhforaoisí, leis an mbithéagsúlacht agus leis an timthriall uisce; TAGRAÍONN SÍ sa chomhthéacs seo do Dheich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú na nÉiceachóras 2021 – 2030 agus Deich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le hEolaíocht Aigéin um Fhorbairt Inbhuanaithe; AITHNÍONN SÍ gur féidir athléimneacht éiceachórais talún agus mhuirí a fheabhsú agus seirbhísí éiceachórais a choimeád ar bun trí bhainistiú acmhainní bunaithe ar éiceachórais; AITHNÍONN SÍ na héifeachtaí díobhálacha a bhíonn ag speicis choimhthíocha ionracha ar ghnáthóga nádúrtha agus ar sheirbhísí éiceachórais agus MEASANN SÍ gur beart oiriúnúcháin don athrú aeráide é smachtú speiceas coimhthíoch, go háirithe na speicis sin a thagann chun bheith ionrach mar gheall ar an athrú aeráide;

21. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur gá an t-oiriúnú don aeráid a phríomhshruthú i ngnéithe den phleanáil agus den bhainistiú spásúil i gcreataí an Aontais agus na mBallstát trí na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide a mheas, tionchair maidir le dáileadh spásúil na rioscaí aeráide, riosca agus inmharthanacht na dtionscadal agus réasúnacht fhadtéarmach fhoriomlán na samhlacha um eagrú spásúil;

22. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tsraith gníomhaíochtaí a shainaithnítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún toisc go gcuirtear treoir ar fáil leo maidir le bailiú sonraí, dea-chleachtas agus tuarascálacha i taca le tionchair an athraithe aeráide agus conas gníomhaíochtaí oiriúnúcháin a chur chun feidhme; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún eolas cúlra breise a sholáthar do na Ballstáit faoi na bearta agus na hionstraimí cur chun feidhme éagsúla sa Straitéis chomh maith le hamlíne lena haghaidh, an Chomhairle a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta faoi chur chun feidhme na dtionscnamh a leagtar amach sa Teachtaireacht agus na Ballstáit a rannpháirtiú le linn chéim chur chun feidhme na Straitéise;

23. AITHNÍONN SÍ gur gá an ráta dul i bhfód i dtaca le hárachas le haghaidh tubaistí a bhaineann leis an aeráid chun caillteanais eacnamaíocha agus shochaíocha a laghdú i gcás adhaimsire agus tubaistí nádúrtha; AITHNÍONN SÍ úsáid an árachais mar shásra aistrithe riosca chun caillteanais airgeadais a bhaineann le rioscaí aeráide a ionsú mar cheann de na céimeanna i dtreo bainistiú agus réamhaíocht fheabhsaithe rioscaí in ionad gníomhaíochtaí iarthubaiste a dhéanamh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, agus na creataí atá ann cheana féin á gcur san áireamh agus á bhforbairt acu, creat a fhorbairt lena gcuirfear le húsáid an árachais i gcoinne rioscaí a bhaineann leis an aeráid chun tacú leis na Ballstáit maidir le scéimeanna árachais náisiúnta um thubaistí a chur chun cinn, scéimeanna a spreagfaidh úsáideoirí infheistíocht a dhéanamh san oiriúnú;

24. AITHNÍONN SÍ go bhfuil dúshláin mhóra maidir le hoiriúnú roimh na réigiúin is forimeallaí san Aontas cheana féin de bharr na leochaileachtaí sonracha a bhaineann leo, rud a fhágann go bhfuil siad an-soghabhálach i leith éifeachtaí an athraithe aeráide; IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí uile atá á ndéanamh chun na héifeachtaí sin a mhaolú, amhail malartú dea-chleachtas agus réiteach idir na réigiúin is forimeallaí agus a gcomharsana a mhéid a bhaineann le dúshláin chomhchoiteanna maidir le hoiriúnú , dea-chleachtais agus réitigh atá le cothú ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit agus a dtacóidh siad leo; IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin formhuiniú tionscnamh domhanda agus réigiúnach oiriúnú-ábhartha;

25. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil dúshláin shonracha a bhaineann leis an athrú aeráide roimh réigiúin agus críocha comhlachaithe eile de chuid an Aontais chomh maith, amhail an Mheánmhuir agus an tArtach, lena n-áirítear na hoileáin agus na stáit oileánacha;

**Dlús a chur leis an ngníomhaíocht idirnáisiúnta**

26. IS DÍOL SÁSAIMH DI tabhairt isteach na gné idirnáisiúnta sa Straitéis, lena gcuirtear san áireamh go bhfuil éifeachtaí forleathana ag tionchair dhíobhálacha an athraithe aeráide laistigh agus lasmuigh den Aontas araon; MEABHRAÍTEAR DI gur bunaíodh le Comhaontú Pháras sprioc dhomhanda maidir le hoiriúnú i ndáil le hacmhainneacht oiriúnaitheach a fheabhsú, athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú agus gur aithníodh ann a thábhachtaí atá sé tacú le hiarrachtaí oiriúnúcháin agus a thábhachtaí atá an comhar idirnáisiúnta ina leith sin; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé cur chuige cothrom a bheith ann idir gníomhaíochtaí maolúcháin agus oiriúnúcháin;

27. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún teachtaireacht an Aontais maidir le hoiriúnú a ullmhú i gcomhréir le comhaontú Pháras agus pacáiste aeráide Katowice á chur san áireamh a mhéid is féidir d'fhonn í a tharchur chuig an gComhairle d'fhonn í a chur faoi bhráid UNFCCC thar ceann an Aontais agus na mBallstát in am do COP26; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Nua an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide, mar aon le faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit mar a shonraítear thíos, a bheith mar bhonn do theachtaireacht an Aontais maidir le hoiriúnú; IARRANN SÍ ar na Ballstáit, ina theannta sin, a dteachtaireachtaí náisiúnta maidir le hoiriúnú a thíolacadh, de réir mar is gá, i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus pacáiste aeráide Katowice á chur san áireamh a mhéid is féidir; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfadh an fhaisnéis a chuireann na Ballstáit ar fáil faoin oiriúnú mar chuid de na ceanglais tuairiscithe faoin Rialachán Rialachais a bheith mar bhonn do na haighneachtaí sin ó na Ballstáit;

28. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil go leor dár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta sa líne thosaigh a mhéid a bhaineann leis an athrú aeráide le fada agus go bhfuil taithí luachmhar acu a d'fhéadfadh cabhrú leis an Eoraip a bheith níos athléimní ó thaobh na haeráide de; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról atá ag an Aontas a bheith tacú le hoiriúnú ar fud an domhain agus CUIREANN SÍ i dTÁBHACHT gur gá tacaíocht leanúnach a sholáthar do thíortha i mbéal forbartha atá an-leochaileach do thionchair dhíobhálacha an athraithe aeráide, agus béim ar leith á leagan ar oiriúnú sna Tíortha is Lú Forbairt, i Stáit Oileánacha Bheaga atá i mBéal Forbartha agus san Afraic; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tábhacht atá ag baint leis an gcomhar maidir le fothú acmhainneachta oiriúnaithí le tíortha i gComharsanacht an Deiscirt agus sna Balcáin Thiar agus i gComhthéacs Chomhpháirtíocht an Oirthir;

29. AITHNÍONN SÍ go bhfuilimid go léir idirnasctha go dlúth le chéile i saol atá ag éirí níos domhandaithe agus go bhfuil éifeachtaí iarmhartacha ag tionchair an athraithe aeráide thar theorainneacha agus ilchríocha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil gá le rannpháirtíocht pholaitiúil níos doimhne maidir le hoiriúnú don athrú aeráide le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha agus le tíortha comharsanacha; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóra le heintitis phoiblí agus phríobháideacha, lena n-áirítear chun eolas, saineolas agus nuálaíochtaí a chomhroinnt agus a chur i bhfeidhm, amhail trí Chomhpháirtíocht Dhomhanda *InsuResilience*; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé eolas fianaise-bhunaithe a fhorbairt agus a mhalartú chun rioscaí aeráide a mheas agus a bhainistiú, sásraí um árachas agus sásraí maoinithe riosca eile a thabhairt chun cinn agus faireachán agus meastóireacht a fheabhsú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá eolas agus saineolas faoi réitigh nuálacha a mhalartú, cur i bhfeidhm an eolais áitiúil a chumasú agus úinéireacht gníomhaíochtaí oiriúnúcháin idir gníomhaithe agus rialtais áitiúla a mhéadú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil cur chuige ina nasctar cabhair dhaonnúil, forbairt agus síocháin ríthábhachtach chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a bhaint amach i dtíortha leochaileacha agus i dtíortha a bhfuil coinbhleachtaí iontu; CUIREANN SÍ I dTREIS éifeachtaí an athraithe aeráide mar iolraitheoir bagairtí i gcomhthéacs na cobhsaíochta agus na slándála idirnáisiúnta, a mbíonn tionchar ar leith orthu siúd atá i staideanna leochaileacha agus soghonta cheana féin; ADMHAÍONN SÍ gur gá measúnuithe iomchuí um riosca aeráide agus um fhadbhreathnaitheacht a dhéanamh ina gcuirfí chun suntais na himpleachtaí slándála a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide;

30. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart gníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir le hoiriúnú a bheith bunaithe ar an tsamhail eacnamaíoch, chomhshaoil agus forbartha sochaíche de chuid spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ar Chomhaontú Pháras agus ar na spriocanna fadtéarmacha agus ar an gcreat cur chun feidhme atá ann, ar Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste agus ar an gComhaontú Glas don Eoraip, agus próisis pleanála náisiúnta, beartais agus straitéisí na dtíortha i mbéal forbartha arb iad comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh iad á gcur san áireamh;

31. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil géarghá le maoiniú idirnáisiúnta le haghaidh an oiriúnaithe don athrú aeráide i gcomhréir le Comhaontú Pháras, ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha araon, agus le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as an maoiniú sin le haghaidh na gníomhaíochta um an oiriúnú don athrú aeráide; AITHNÍONN SÍ gur gá cáilíocht, éifeachtacht agus intuarthacht an mhaoinithe oiriúnúcháin a mhéadú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór acmhainní bunaithe ar dheontais a bheith ann le haghaidh an oiriúnaithe, go háirithe do na tíortha is leochailí, agus go bhfuil gá le maoiniú príobháideach a shlógadh chun tacú leis an ngníomhaíocht le haghaidh an oiriúnaithe sna tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí shaincheisteanna oiriúnúcháin a phríomhshruthú i ngach sreabhadh airgeadais; ATHDHEIMHNÍONN SÍ tiomantas an Aontais agus na mBallstát slógadh an mhaoinithe idirnáisiúnta a uas-scálú a thuilleadh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go dtabharfaí aghaidh le hionstraimí cistithe sheachtraigh ar ghníomhaíocht mhaolúcháin agus oiriúnúcháin ar bhealach cothrom; ÁITÍONN SÍ ar gach tír forbartha agus ar pháirtithe eile a bhfuil sé ar a gcumas é a dhéanamh, lena n-áirítear Institiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus bainc forbartha, maoiniú don oiriúnú a mhéadú i gcomhréir le Comhaontú Pháras, arna thacú le trédhearcacht an chur chun feidhme agus i measúnú leanúnach éifeachtacht an chistithe arna chur ar fáil.